Comhairle an Aontais Eorpaigh

**An Bhruiséil, 9 Samhain 2017 (OR. en)**

**14148/17**

**ECOFIN 925**
**ENV 908**
**CLIMA 299**
**FIN 708**

**TORADH NA nIMEACHTAÍ**

| | |
|---|---|
| ó: | Ardrúnaíocht na Comhairle |
| An: | 7 Samhain 2017 |
| chuig: | na toscaireachtaí |
| Ábhar: | Maoiniú don troid i gcoinne an athraithe aeráide<br>- Conclúidí ón gComhairle maidir le maoiniú don troid i gcoinne an athraithe aeráide (7 Samhain 2017) |

Gheobhaidh na toscaireachtaí, san Iarscríbhinn a ghabhann leis seo, na Conclúidí ón gComhairle maidir le maoiniú don troid i gcoinne an athraithe aeráide mar a ghlac an Chomhairle (ECOFIN) iad ag an 3572ú cruinniú dá cuid, a bhí aici ar an 7 Samhain 2017 sa Bhruiséil.

**IARSCRÍBHINN**

**Conclúidí ón gComhairle (ECOFIN) maidir le maoiniú don troid i gcoinne an athraithe aeráide**

**Leagan comhdhlúite tar éis an 7 Samhain 2017 ECOFIN**

Déanann an Chomhairle an méid seo a leanas:

1. ATHDHEARBHAÍONN SÍ tacaíocht láidir an Aontais gona Bhallstáit do chur chun feidhme pras Chomhaontú Pháras mar aon le Clár Oibre 2030 don Fhorbairt Inbhuanaithe. DEARBHAÍONN SÍ AN ATHUAIR a thábhachtaí atá sé dul chun cinn gasta agus uaillmhianach a dhéanamh ar chuspóir bunathraithe Chomhaontú Pháras sreabha airgeadais a thabhairt ar aon dul leis an gcur chuige i dtreo leibhéal íseal astaíochtaí gás ceaptha teasa agus forbairt atá seasmhach ó thaobh na haeráide de, agus a thábhachtaí atá sé gníomhú, ar bhonn aonair agus i dteannta a chéile, chun an fhreagairt dhomhanda seo ar bhagairt an athraithe aeráide a chur i gcrích. CUIREANN SÍ I dTREIS a thábhachtaí atá sé go ndéanfaí an cuspóir sin a léiriú sa mheastóireacht ar an dul chun cinn i dtreo spriocanna fadtéarmacha Chomhaontú Pháras, lena n-áirítear tríd an athbhreithniú domhanda, agus CUIREANN SÍ IN IÚL gur gá modhanna agus modúlachtaí a fhorbairt d'fhonn an dul chun cinn comhchoiteann i dtreo Airteagal 2.1c de Chomhaontú Pháras a bhaint amach a thomhais a thuilleadh.

2. LEAGANN SÍ BÉIM ar a thábhachtaí atá sé infhaighteacht caipitil a mhéadú don infheistíocht ghlas agus inbhuanaithe agus, sa chomhthéacs sin, IS DÍOL SÁSAIMH DI an méid a baineadh amach le déanaí ar an leibhéal idirnáisiúnta, réigiúnach agus náisiúnta, lena n-áirítear an obair atá déanta ag Grúpa Staidéir G20 ar Mhaoiniú Glas, ag Tascfhórsa an Bhoird um Chobhsaíocht Airgeadais maidir le Nochtadh Airgeadais a bhaineann le cúrsaí Aeráide, ag an Sainghrúpa Ardleibhéil um Maoiniú Inbhuanaithe agus ag an Eagraíocht um Chomhar agus Forbairt Eacnamaíochta, d'fhonn feabhas a chur ar chumas an chórais airgeadais maoiniú a shlógadh don fhorbairt sin atá íseal ar astaíochtaí agus seasmhach ó thaobh aeráide de agus a chumas rioscaí airgeadais faoi seach a bhainistiú go leordhóthanach. CUIREANN SÍ I bhFIOS gur cuid thábhachtach de thimpeallacht chumasúcháin is ea an phraghsáil carbóin d'fhonn infheistíochtaí a bhogadh i dtreo teicneolaíochtaí táirgthe glasa agus inbhuanaithe agus d'fhonn réitigh nuálacha a chur chun cinn. Sa chomhthéacs sin, TACAÍONN SÍ le tionscnaimh praghsála carbóin agus le tionscnaimh lena moltar deireadh a chur de réir a chéile le fóirdheontais atá díobhálach don chomhshaol nó don gheilleagar agus leanúint inter alia de mhaoiniú a laghdú do thionscadail a tháirgeann a lán astaíochtaí.

3. AITHNÍONN SÍ go bhfuil sé fós ríthábhachtach an sprioc chomhpháirteach a bhaint amach, i dtaobh USD 100 billiún in aghaidh na bliana a shlógadh faoi 2020 ar mhaithe leis an athrú ó bhonn a bheartaítear le Comhaontú Pháras a bhaint amach. ATHDHEARBHAÍONN SÍ go bhfuil an tAontas gona Bhallstáit tiomanta leanúint de chur leis an maoiniú idirnáisiúnta a shlógfar don troid i gcoinne an athraithe aeráide, mar chuid de sprioc chomhpháirteach na dtíortha forbartha USD 100 billiún a shlógadh, ar bhonn comhpháirteach, in aghaidh na bliana idir 2020 agus 2025, don mhaolú agus don oiriúnú, ar maoiniú é a thiocfaidh ó raon leathan foinsí, trí ionstraimí éagsúla agus trí bhealaí éagsúla. DEARBHAÍONN SÍ AN ATHUAIR go mbeidh ról suntasach leanúnach ag maoiniú poiblí don troid i gcoinne an athraithe aeráide. CUIREANN SÍ IN IÚL gurb é an tAontas gona Bhallstáit a chuireann an chuid is mó den mhaoiniú poiblí ar fáil don troid i gcoinne an athraithe aeráide agus cuireann sí i dtreis nach mór go mbeadh réimse níos leithne ranníocóirí rannpháirteach feasta. TATHANTAÍONN SÍ ar thíortha forbartha eile is Páirtithe a gcuid gealltanas a chomhlíonadh agus maoiniú príobháideach a shlógadh chun críocha na sprice comhpháirtí seo. CUIREANN SÍ I dTREIS a thábhachtaí atá peirspictíocht atá dírithe ar thorthaí i ndáil leis an maoiniú don troid i gcoinne an athraithe aeráide lena n-áiritheofar go mbeidh an tionchar is fearr is féidir ag na cistí a chuirfear ar fáil agus a shlógfar.

4. LEAGANN SÍ BÉIM ar a thábhachtaí atá ról na hearnála príobháidí mar chroí-fhoinse don mhaoiniú aeráide agus a riachtanaí atá sé leas níos fearr a bhaint as cumas na hearnála sin maoiniú a dhéanamh ar ghníomhaíocht mhaolúcháin agus oiriúnúcháin, agus TUGANN SÍ DÁ hAIRE an ról lárnach riachtanach a bhíonn ag timpeallacht stóinseach chumasúcháin bheartais chun gur féidir maoiniú de chuid na hearnála príobháidí a bheith ar fáil. TUGANN SÍ DÁ hAIRE go bhfuil raon leathan ionstraimí i bhfeidhm ag an Aontas lenar féidir maoiniú ón earnáil phríobháideach a shlógadh do ghníomhaíochtaí idirnáisiúnta ar son na haeráide, agus go leanfaidh an tAontas de na hionstraimí sin a fhorbairt agus a fheabhsú.

5. CUIREANN SÍ I dTREIS a thábhachtaí atá bainc forbartha iltaobhacha i dtaca leis an athrú ó bhonn a bheartaítear le Comhaontú Pháras a thionscain, lena n-áirítear trína gcuid gealltanas 2020 a chomhlíonadh i dtaca leis an maoiniú don troid i gcoinne an athraithe aeráide. TATHANTAÍONN SÍ ar na bainc sin, lena n-áirítear iad siúd a bunaíodh le déanaí, leanúint de chur leis na hinfheistíochtaí sin dá gcuid a bhaineann le cúrsaí aeráide agus ag an am céanna a gcuid acmhainní a úsáid ar bhealach níos nuálaí agus níos éifeachtaí chun caipiteal príobháideach a shlógadh, agus a gcuid gníomhaíochtaí a thabhairt i gcomhréir níos mó le Comhaontú Pháras agus le Spriocanna Forbartha Inbhuanaithe gaolmhara, lena n-áirítear cuidiú le hacmhainneacht intíre a fhorbairt do cheapadh agus do chur chun feidhme tionscadal.

IS DÍOL SÁSAIMH DI freisin iarrachtaí na mbanc forbartha iltaobhacha ceisteanna aeráide a phríomhshruthú ar fud na bpunann acu agus iad ag saothrú de réir a bpríomhláidreachtaí agus a sainorduithe féin. Mar sin, MOLANN SÍ do na bainc forbartha iltaobhacha maoiniú na ngléasraí cumhachta gualbhreoslaithe a laghdú a thuilleadh agus riachtanais reatha forbartha agus fuinnimh ár dtíortha comhpháirteacha á gcur san áireamh. MOLANN SÍ do na hinstitiúidí airgeadais idirnáisiúnta agus réigiúnacha agus do ghníomhaireachtaí na Náisiún Aontaithe faisnéis a chur ar fáil do na Páirtithe trí Rúnaíocht UNFCCC maidir leis an mbealach is féidir leo a gcuspóirí i ndáil leis an aeráid a phríomhshruthú agus bearta i ndáil le seasmhacht i gcoinne an athraithe aeráide a ionchorprú ina gcúnamh forbartha agus sna cláir sin dá gcuid a bhaineann leis an troid i gcoinne an athraithe aeráide.

6. CUIREANN SÍ IN IÚL go mbeidh an creat trédhearcachta ina ghné ríthábhachtach chun go gcuirfear Comhaontú Pháras chun feidhme go rathúil trí rianú an méid a leanas a fheabhsú: (i) maoiniú don troid i gcoinne an athraithe aeráide; agus (ii) an dul chun cinn a dhéanfar i ngníomhaíochtaí cur chun feidhme arna mbeartú sna rannchuidithe arna chinneadh go náisiúnta. CUIREANN SÍ I dTREIS gur gá dul chun cinn cothrom a áirithiú i ngach gné den chreat trédhearcachta. CUIREANN SÍ I dTREIS a thábhachtaí atá sé an Tionscnamh um Fothú Acmhainní don Trédhearcacht agus tionscnaimh eile lena neartófar an trédhearcacht a chur chun feidhme go pras agus go héifeachtach. IS DÍOL SÁSAIMH DI an dul chun cinn suntasach a rinneadh, sa chaibidlíocht ar Chreat-Choinbhinsiún na Náisiún Aontaithe ar an Athrú Aeráide, maidir le modúlachtaí na cuntasaíochta d'acmhainní airgeadais arna slógadh agus arna mbailiú agus AONTAÍONN SÍ gur gá modheolaíochtaí a fhorbairt a thuilleadh ar mhaithe le rianú a dhéanamh ar mhaoiniú príobháideach a shlógtar trí idirghabháil phoiblí, ar bhealach iontaofa, lena gcumasófar comhbhailiú ach lena seachnófar áireamh dúbailte. Chuige sin, MOLANN SÍ go gcuirfí i bhfeidhm na prionsabail chuntasaíochta don mhaoiniú príobháideach a shlógtar, prionsabail atá á bhforbairt ag Grúpa Comhoibríoch ECFE agus ag Coiste Cúnaimh Forbartha ECFE.

7. LEAGANN SÍ BÉIM ar an tábhacht a bhaineann le hollstruchtúr éifeachtúil domhanda don mhaoiniú don troid i gcoinne an athraithe aeráide. AITHNÍONN SÍ rannchuidiú tábhachtach na n-institiúidí agus na sásraí idirnáisiúnta airgeadais i dtaca le maoiniú na troda i gcoinne an athraithe aeráide agus DEARBHAÍONN SÍ AN ATHUAIR go bhfuil sí toilteanach leanúint dá tacaíocht do na hinstitiúidí sin, lena n-áirítear an Ciste Glas don Aeráid. CUIREANN SÍ I dTREIS gur gá feabhas a chur ar éifeachtúlacht agus éifeachtacht, mar aon le comhleanúnachas agus comhlántacht an ollstruchtúir institiúidigh reatha do mhaoiniú na troda i gcoinne an athraithe aeráide faoi Chreat-Choinbhinsiún na Náisiún Aontaithe ar an Athrú Aeráide. CUIREANN SÍ I bhFIOS go gcumasófaí leis na feabhsuithe sin rochtain éifeachtúil ar mhaoiniú don troid i gcoinne an athraithe aeráide ag tíortha atá i mbéal forbartha d'fhonn tacú le straitéisí faoi stiúir na dtíortha iad féin lena mbogfaí i dtreo astaíochtaí ísle gás ceaptha teasa agus i dtreo na forbartha atá seasmhach ó thaobh aeráide de.

8. CUIREANN SÍ I dTREIS a thábhachtaí atá sé cur leis na hacmhainní lena dtugtar aghaidh ar na riachtanais atá ag na tíortha is boichte agus is leochailí de na tíortha sin atá i mbéal forbartha, amhail na tíortha is lú forbairt agus stáit oileánacha bheaga i mbéal forbartha, agus lena dtacaítear leis na tíortha céanna sin. AITHNÍONN SÍ i dtaca leis an méid sin a thábhachtaí atá na ranníocaíochtaí ón gCiste Oiriúnúcháin, anois agus 10 mbliana ann ó seoladh an ciste sin, agus an tábhacht a bhaineann leis an gciste úd, i measc nithe eile, i dtaca leis an maoiniú don oiriúnú. CUIREANN SÍ IN IÚL go bhfuil an tAontas gona Bhallstáit i mbun iarrachtaí, agus go mbeidh feasta, chun cuid mhaith den mhaoiniú poiblí don troid i gcoinne an athraithe aeráide a chur i dtreo an mhaoinithe don oiriúnú agus go bhfuil an tAontas cheana féin ag tacú leis an oiriúnú trí roinnt ionstraimí teicniúla agus airgeadais. CUIREANN SÍ I dTREIS gur gá tacú le tíortha atá i mbéal forbartha a gcuid cuspóirí maidir leis an aeráid a phríomhshruthú ina straitéisí forbartha, agus go háirithe chun ceisteanna maidir leis an oiriúnú a chomhtháthú ar gach leibhéal dá bpleananna forbartha.

9. CUIREANN SÍ IN IÚL GO LÁIDIR an ranníocaíocht maoinithe don troid i gcoinne an athraithe aeráide dar luach EUR 20.2 billiún[1] ón Aontas gona Bhallstáit don bhliain 2016, ar méadú suntasach í le hais 2015.

---

[1] Áirítear san fhigiúr sin foinsí maoinithe don troid i gcoinne an athraithe aeráide ó bhuiséid phoiblí agus ó institiúidí airgeadais eile don fhorbairt, mar a thuairiscigh na Ballstáit i gcomhthéacs Airteagal 16 de Rialachán (AE) Uimh. 525/2013 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 21 Bealtaine 2013. Áirítear san fhigiúr sin freisin maoiniú don troid i gcoinne an athraithe aeráide dar luach EUR 2.7 billiún ó bhuiséad an Aontais agus ón gCiste Eorpach Forbraíochta, agus EUR 1.9 billiún ó BEI.